



Ceadúnas Taiscéalaíochta

Eochairfhocail: ceadúnas taiscéalaíochta, miotail bhunúsacha, aighneachtaí, comhlacht ilnáisiúnta
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Ainmnigh áit amháin in Éirinn a bhfuil cead tugtha do chomhlacht as Ceanada mianadóireacht a dhéanamh inti?
2. Ainmnigh an roinn rialtais a bhfuil baint lárnach aici leis an scéal seo?
3. Cén saghas ruda a dhéanfaidh an comhlacht seo taiscéalaíocht lena aghaidh?
4. Cé mhéad suíomh sa cheantar a bhfuil cosaint Eorpach aige?
5. Cén t-ábhar imní atá ag Teachta Dála Shinn Féin, Pa Daly, faoin gceadúnas seo?
6. Cén saghas comhlachta arbh fhearr don Teachta Daly go mbronnfaí an ceadúnas taiscéalaíochta seo air?
7. Cén spriocdháta atá ag daoine maidir le haighneachtaí a chur faoi bhráid na hOifige um Rialáil Geolaíochta?
8. An bhfuil aon suim agat i gcúrsaí geolaíochta? Cén fáth?




Ceadúnas Taiscéalaíochta

Eochairfhocail: ceadúnas taiscéalaíochta, miotail bhunúsacha, aighneachtaí, comhlacht ilnáisiúnta
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Tá an-chuid logainmneacha luaite sa mhír nuachta seo. Ag obair le do pháirtí ranga aimsígí na contaetha ina bhfuil na háiteanna seo a leanas.

An t-ainm áite/logainm	**An contae**
An Uaimh	
Nás na Ríogh	
Mullach Íde	
Gaoth Dobhair	
Cathair na Mart	
An Neidín	
Dún Garbháin	
Cloich na Coillte	
Cora Droma Rúisc	
An Cheathrú Rua	
An Srath Bán	
Dún Pádraig	
Meathas Troim	
Móinteach Mílic	
An tAonach	




Ceadúnas Taiscéalaíochta

Eochairfhocail: ceadúnas taiscéalaíochta, miotail bhunúsacha, aighneachtaí, comhlacht ilnáisiúnta
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:
Tá tú i do chónaí i nDeisceart Chiarraí agus níor mhaith leat go dtiocfadh an comhlacht ilnáisiúnta seo chun na háite. Scríobh caint ghairid a dhéanfá ag cruinniú poiblí á chur sin in iúl. Is leor 75 focal nó mar sin sa chaint. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

A dhaoine uaisle,	Táim go mór in amhras
Ní fios cén damáiste a dhéanfar	Éiginnteacht
Comhlacht ilnáisiúnta	Caithfimid an fód a sheasamh
Ba cheart dúinn….	Go raibh maith agaibh as cluas éisteachta a thabhairt dom

Ceadúnas Taiscéalaíochta



Freagraí:

1. Deisceart Chiarraí/Iardheisceart Chorcaí
2. An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil
3. Miotail bhunúsacha
4. 9
5. Tá sé in amhras maidir le cén fiúntas/leas a bhainfidh leis an togra seo a bhronnadh ar chomhlacht ilnáisiúnta don phobal áitiúil
6. Comhlacht Éireannach
7. Deireadh na míosa seo/30 Samhain

An t-ainm áite/logainm	**An contae**
An Uaimh	An Mhí
Nás na Ríogh	Cill Dara
Mullach Íde	Baile Átha Cliath
Gaoth Dobhair	Dún na nGall
Cathair na Mart	Maigh Eo
An Neidín	Ciarraí
Dún Garbháin	Port Láirge
Cloich na Coillte	Corcaigh
Cora Droma Rúisc	Liatroim
An Cheathrú Rua	Gaillimh
An Srath Bán	Tír Eoghain
Dún Pádraig	An Dún
Meathas Troim	Longfort
Móinteach Mílic	Laois
An tAonach	Tiobraid Árann